INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, FÓMHAR 2016

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC

(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

(a) Tá sé an-tábhachtach go dtugtar gach cabhair is féidir do scoileanna DEIS.
(b) Ní gá dul thar lear chun dul ar saoire.
(c) Ba chóir go mbeadh sé níos éasca teach a cheannach.
(d) Is féidir le cúrsaí spóirt ár spiorad a ardú.
(e) Ba chóir go mbeadh deis ag gach páiste uirlis cheoil a fhoghlaim.

(35 marc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

When a new film comes out and when people say it is good, I like to go out to see it. I am very lucky that there is a cinema in the town in which I live. During the year there was a lot of talk on the television, in the newspapers and in the media in general about *Brooklyn* so when it came to my local cinema I did not waste any time in going to it. Sometimes when a new film comes out I wait too long and the next thing is the film is gone. In that case, I can look at the film on *Netflix* but to tell the truth, I much prefer to go to the cinema. Usually when I go to the cinema I go for a meal in a restaurant before or after the film. It's good to get out of the house. I think the acting in *Brooklyn* is really good and that Saoirse Ronan is excellent in the main part. I really enjoyed the film even though I think it is very sad. I would recommend that you go to it. I had read the book already and to be honest, I must say that I think that the book is better than the film.

(15 marc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. It is very dark this morning. Turn on the light, Seán.
2. Siobhán is a teacher. She has four children, three girls and a boy.
3. It is raining outside. I must get my umbrella.
4. There is a gift shop and a pharmacist in the shopping centre.
5. I saw an advertisement for that film in the cinema.
6. As a teacher you must be able to stimulate the children.
7. That is a very good television programme.
8. During the summer you have an opportunity to rest.
9. I stayed in self-catering accommodation in Killarney.
10. Excuse me! I would like to buy a return ticket to Galway.

(15 marc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

"Ar chuala tú faoin timpiste a tharla ag geata (an scoil)?" arsa Cormac. "Níor chuala," arsa Eoghan. "Ar an mbóthar, an ea?" "Is ea, i lár (an lá) nuair a bhí roinnt páistí ar a mbealach abhaile le haghaidh a lóin." "Céard go díreach a tharla?" arsa Eoghan. "Bhuel!" arsa Cormac, "bhí mise ag dul amach go dtí mo (carr) agus an chéad rud eile tháinig gluaisrothar timpeall an chúinne ar nós na gaoithe. (Sleamhnaigh) an gluaisrothar agus bhuail sé fear a bhí ag dul trasna an bhóthair. Bhí triúr (páiste) ar (an cosán) ag an am agus bhí an t-ádh dearg (le: iad) nár (maraigh) iad." "Ach céard faoin bhfear?" arsa Eoghan. "Ba léir go raibh sé (gortaigh) go dona," arsa Cormac. "Tháinig otharcharr go han-tapa agus thóg sé an fear go dtí an t-ospidéal. Dá mbeadh níos mó Gardaí ar na bóithre ní (bí) tiománaithe ag dul chomh tapa sin."

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. An (cuir: tú) uachtar gréine ar d'aghaidh agus tú ag dul amach faoin ngrian gach samhradh?
2. (Tar) drochaimsir arís an geimhreadh seo chugainn.
3. (Taispeáin: mé) mo cheadúnas tiomána don Gharda inné nuair a stop sé mé.
4. Tá an crann i bhfad níos (ard) ná an teach.
5. A pháistí! Ar thug mé aon obair bhaile (do: sibh) inné?
6. Má bhíonn ocras orm ar an sliabh amárach (ith: mé) ceapaire.
7. Dá (faigh: mé) tinneas fiacaile, rachainn go dtí an fiaclóir.
8. Bhí an-díomá orm go raibh an pictiúr (ceannaigh) ag duine éigin eile.
9. Ba bhreá liom an t-amhrán nua atá scríofa aici a (clois).
10. Bhí deich (capall) sa rás deireanach.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Páidí Ó Sé, sliocht atá curtha in oiriúint ó alt le Mártan Ó Ciardha air in *www.ainm.ie*

Baineadh croitheadh as an saol trí chéile nuair a fuair an Ciarraíoch cáiliúil Páidí Ó Sé bás go tobann ar 15 Nollaig, 2012 agus gan é ach seacht mbliana le cois an leathchéid. Nuair a cailleadh Páidí, dúirt Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Liam Ó Néill ag an am, gur ar éigin a bhí duine in Éirinn nach raibh a fhios acu cérbh é Páidí Ó Sé. Thagair an BBC fiú dá bhás ar an gclár *BBC Sports Personality of the Year*.

D'fhreastail Páidí ar Scoil Náisiúnta Chill Mhic an Domhnaigh. Ina dhiaidh sin thug sé aghaidh ar Scoil na mBráithre sa Daingean, ach, agus bliain amháin déanta aige, d'iarr sé ar a thuismitheoirí é a chur chuig Coláiste Bhréanainn i gCill Airne, mar go raibh cáil na peile ar an scoil sin. Ba i gColáiste Mhíchíl i Lios Tuathail a chríochnaigh sé a chuid meánscolaíochta. In earrach na bliana 1974, thosaigh Páidí ag baint áite amach go rialta ar fhoireann peile Chiarraí.

Bhí Páidí Ó Sé le háireamh ar dhuine de mhórpheileadóirí Chumann Lúthchleas Gael. Ocht mbonn uile Éireann sa pheil shinsir a thug sé leis as Páirc an Chrócaigh le Ciarraí agus é ina chaptaen nuair a rinne siad an gaisce i 1985. Ní raibh a shárú ann mar chosantóir, é lúfar, láidir agus léamh thar na bearta aige ar an imirt. As an deich gcluiche ceannais inar imir sé, níor cheadaigh sé dá chéilí comhraic ar fad eatarthu ach aon chúilín amháin as an imirt. Nuair a d'éirigh sé as an imirt bhain sé cáil amach mar bhainisteoir ar fhoirne a chontae dhúchais, na hIarmhí agus Chontae an Chláir.

I mBealtaine na bliana 1975 chuaigh Páidí isteach i gColáiste na nGardaí ar an Teampall Mór i gContae Thiobraid Árann. I 1979 d'éirigh Páidí as na Gardaí. Ghlac sé Tábhairne Kruger i nDún Chaoin ar cíos agus i 1985 d'oscail sé Tigh Pháidí Uí Shé in Ard an Bhóthair. Lasmuigh de chúrsaí peile, d'oibrigh sé go dícheallach chun an dúiche inar tógadh é a chur chun cinn, go háirithe ó thaobh na turasóireachta. Bhí sé ina stiúrthóir ar Fháilte Éireann agus ina chomhalta de Bhord Iascaigh Mhara. Mheall a chlú agus a cháil taoisigh, lucht spóirt agus fiú réaltaí scannáin go hArd an Bhóthair agus tá ballaí a thábhairne ansiúd breac le grianghraif dá leithéid.

1. Cén fhianaise atá san alt go raibh aithne ar Pháidí Ó Sé lasmuigh d'Éirinn?
2. Cé mhéad meánscoil ar fhreastail Páidí orthu?
3. Cén cruthú atá san alt go raibh Páidí ina chúlaí maith?
4. Céard í an chéad shlí bheatha a bhí ag Páidí?
5. Lasmuigh de na tagairtí do chúrsaí peile, cén chaoi a bhfuil a fhios againn ón alt go raibh spéis ag Páidí ina cheantar dúchais?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

An tAthair Tom Jones, sliocht atá curtha in oiriúint ó alt le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú air in *www.ainm.ie*

Rugadh an tAthair Tomás Mac Eoin nó an tAthair Tom Jones mar ab fhearr aithne air in Uimhir a hAon, Sráid na Carraige, Trá Lí, Contae Chiarraí ar 19 Nollaig, 1868. Cuireadh oideachas air i Scoil na mBráithre Críostaí, Trá Lí, agus i gColáiste Bhréanainn, Cill Airne. Ní raibh ach ocht mbliana déag aige nuair a bhuaigh sé craobh na hÉireann sa liathróid láimhe. Chreid go leor daoine gurbh é an t-imreoir ab fhearr ar domhan é. Tá tuairim ann gur bhain sé teideal an domhain i Meiriceá uair agus é ar a laethanta saoire ó Mhaigh Nuad. Cluiche gairmiúil ab ea é ag an am agus níorbh annamh a bhuadh sé sparáin arbh fhiú £300 nó £400 iad. Lena raibh tuillte aige a d'íoc sé a tháillí nuair a chuaigh sé le sagartóireacht i 1890. I Maigh Nuad thugtaí "Jones's Court" ar an bpinniúr ansiúd le barr measa air.

Oirníodh ina shagart é i 1896. As sin go ceann deich mbliana bhí sé ag obair i ndeoise Dhún agus Choinire, i Sasana agus san Astráil. Winston, North Queensland, paróiste a bhí 900 míle ar fhad, a bhí faoina chúram san Astráil. Deirtear gurbh í an liathróid láimhe a tharraing ar ais go hÉirinn é.

I Lúnasa 1909 aistríodh é go dtí Baile an Fheirtéaraigh i nGaeltacht Chorca Dhuibhne, Contae Chiarraí. Ar an 13ú lá den mhí sin a bádh Eibhlín Nic Niocaill (bean a raibh Pádraig Mac Piarais an-mhór léi) agus Dónall Ó Criomhthain ar an mBlascaod agus ó tharla an tAthair Jones ar an oileán ag an bpointe ama sin bhí lámh aige sna coirp a thabhairt i dtír. Ba eisean a rinne iarracht ar Eibhlín Nic Niocaill a athbheochan. Deirtear go ndúirt duine sa slua a bhí bailithe timpeall go raibh an aird go léir ar Eibhlín, an bhean uasal agus gan aird ar bith ar an bhfear bocht, Dónall. Stop an sagart chun fiafraí go feargach cé a labhair. Creideadh gur ag an bpointe sin a cailleadh Eibhlín! Deirtear freisin gur creideadh go raibh na horthaí cuí aige chun an t-anam a thabhairt ar ais inti ach go raibh eagla air iad a rá.

Le linn dó bheith i mBaile an Fheirtéaraigh shábháil sé ochtar mairnéalach ón loruaidh nuair a cuireadh a long an *Carmanian* go tóin poill le toirpéad caoga míle amach ó chósta Chiarraí. Lainseáil na mairnéalaigh na báid tharrthála ach níor éirigh ach le bád beag amháin an cósta ag Baile na bPoc a shroicheadh. Tharla go raibh stáisiún ar siúl ag an Athair Jones i mBaile na bPoc agus bhailigh céad duine ag féachaint síos ar an mbád beag san fharraige ag bun na haille. Chuaigh an sagart agus triúr fear ón gceantar i gcontúirt an-mhór. Dhreap siad síos an aill ar ropaí agus thóg siad aníos na mairnéalaigh. Thar ceann Rí na hloruaidhe bronnadh plaic airgid ar an sagart mar chomhartha buíochais i Halla Carnegie i gCill Orglan i mí Lúnasa 1918.

1. Cén gaisce spóirt a rinne Tom Jones agus gan é ach ina dhéagóir?
2. Céard a rinne Tom Jones leis an airgead a bhuaigh sé i Meiriceá?
3. Céard a mheall an tAthair Tom Jones ar ais ó bheith ag obair thar lear mar shagart?
4. Cathain go baileach ar 13 Lúnasa, 1909 a creideadh gur cailleadh Eibhlín Nic Niocaill?
5. Céard ba chúis leis an longbhriseadh?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Mínigh an chaoi ina n-imrítear "Céard atá sa mhála?" agus tabhair samplaí den teanga a bhíonn in úsáid ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche.

(b) Scríobh cárta poist (80 focal ar a laghad) a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna hardranganna agus iad ag ligean orthu go raibh siad ar saoire in áit éigin.

(c) Conas ba chóir do mhúinteoir Obair Bheirte a dhéanamh?

(15 marc)

9. (a) Mínigh Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.

(b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, "An Cluiche Mór" a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna.

(c) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist thuisceana ag tosú le "An/Ar," "Cé," "Céard/Cad" agus "Cá" agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.

(15 marc)

10. (a) Tabhair sainmhíniú ar Fheidhm Theanga. Tabhair sampla d'Fheidhm Theanga agus eiseamláir oiriúnach ag dul léi.

(b) Scríobh comhrá (14-16 líne) faoin teideal, "Timpiste – ag glaoch ar 999", comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(c) Céard is brí le "ionchur teanga"? Cathain i gceacht Gaeilge a dhéanann múinteoir "ionchur teanga" agus conas?

(15 marc)